Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

## Ciorclán 0068/2020 na Roinne Oideachais agus Scileanna

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

### Scéim Deontais Oibreacha Éigeandála

### Ascnamh chuig Iarratais Ar Líne agus Mionleasuithe ar an Scéim

**Cuspóir:**

1. Is é aidhm an Chiorcláin seo comhairle a chur ar Údaráis Bhainistíochta maidir le hascnamh na Scéime Deontais Oibreacha Éigeandála chuig timpeallacht dhigiteach trí phróiseas iarratais ar líne. Déanfaidh sé sin foráil maidir le próiseáil iarratas ar mhaoiniú faoin scéim a shruthlíniú. Déanann sé foráil freisin d'athbhreithnithe ar an scéim mar atá leagtha amach sa chiorclán seo agus sna haguisíní.

**An Scéim Deontais Oibreacha Éigeandála:**

2. Is é príomhchuspóir na Scéime Deontais Oibreacha Éigeandála foráil a dhéanamh d'éigeandálaí gan choinne a théann i bhfeidhm ar fhoirgnimh scoile. Déanann sé é sin trína chinntiú go bhfuil maoiniú ar fáil d'oibreacha práinneacha do na scoileanna sin a bhfuil acmhainní de dhíth orthu mar thoradh ar chás éigeandála.

3. Soláthraítear leis an scéim maoiniú freisin chun cuimsiú agus rochtain a éascú do dhaltaí le riachtanais speisialta nuair a fhaigheann siad iarratas cláraithe ó dhalta den sórt sin agus/nó do bhaill foirne (mar atá leagtha amach in Aguisín C a ghabhann leis an gciorclán seo).

4. Caithfidh iarratais ar mhaoiniú faoin scéim freastal ar cheann amháin nó ar an dá chuspóir sin agus na critéir mhaoinithe a chomhlíonadh mar atá leagtha amach sa chiorclán seo agus sna aguisíní a ghabhann leis.

5. Is éard is éigeandáil ann staid a bhfuil riosca láithreach ann do shláinte, do shaol, do mhaoin nó don chomhshaol, atá tobann, gan choinne agus a éilíonn gníomhaíocht láithreach agus, i gcás scoile, mura ndéanfaí í a cheartú chuirfeadh sé cosc ar an scoil nó cuid di a oscailt. Níl sé i gceist go n-úsáidfear an scéim seo chun cur le hiarratais roimhe sin faoi scéimeanna eile nár éirigh leo maoiniú a fháil. Caithfear gach faisnéis ábhartha agus tacaíochta maidir le hiarratas den sórt sin ón

Scéim Deontais Oibreacha Éigeandála a sholáthar d'fhonn tacú le d'éileamh ar chúnamh deontais éigeandála.

6. Déileálfar le gach iarratas ar bhonn aonair. In imthosca ar bith agus i ngach cás, caithfear an Ciorclán seo a léamh go cúramach sula ndéanann tú foirm iarratais a chomhlánú. Ní mór do gach bunscoil agus iarbhunscoil a éilíonn go ndéanfar oibreacha éigeandála iarratas a dhéanamh faoin scéim seo trí Fhoirm Iarratais ar Oibreacha Éigeandála a chomhlánú go hiomlán.

**An scéim a shruthlíniú agus ascnamh chuig an timpeallacht ar líne:**

7. Tá dhá athrú ar an Scéim á gcur chun feidhme ag an Roinn a thiocfaidh i bhfeidhm amhail agus ón 5ú Deireadh Fómhair, 2020:
    a. Rachaidh an próiseas is infheidhme maidir leis an Scéim, lena n-áirítear iarratais agus próisis cheadaithe, ar ascnamh go hiomlán anois go timpeallacht ar líne ag úsáid Esinet mar atá leagtha amach thíos.
    b. Tá roinnt coigeartuithe á ndéanamh ar théarmaí agus ar choinníollacha na scéime. Leagtar amach in Aguisíní A go D a ghabhann leis an gciorclán seo na téarmaí agus coinníollacha athbhreithnithe is infheidhme maidir leis an scéim seo. Ba cheart a mheas go bhfuil na haguisíní sin mar chuid den chiorclán seo. Tá Aguisín E ann chun críocha faisnéise agus soláthraítear leis achoimre ar na hathruithe atá á ndéanamh ar na téarmaí agus coinníollacha seo chun go mbeidh sé éasca d'údaráis scoile tagairt a dhéanamh dóibh.

8. Beidh Údaráis Scoile eolach ar chóras Esinet a úsáidtear chun iarratais a phróiseáil faoi Scéim Oibreacha Samhraidh na Roinne. Leathnófar an córas sin chun próiseáil gach iarratais faoi Scéim Deontais Oibreacha Éigeandála na Roinne a áireamh amhail agus ó 8.00 am ar an 5ú Deireadh Fómhair, 2020 (an 'dáta beo'). Cuirfear nasc chuig an gcóras ar fáil ar Leathanach Baile na nOibreacha Éigeandála ar shuíomh Gréasáin na Roinne roimh an dáta beo agus cuirfear doiciméad maidir le Ceisteanna Coitianta ar fáil freisin. Seo a leanas seoladh gréasáin na ndoiciméad sin:
https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/Building-Works/Emergency-Works/

9. Beidh an Ciorclán seo agus an Fhoirm Iarratais nua ar fáil ar an suíomh gréasáin ar an dáta sin. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta sin ach leis an gcóras ar líne a úsáid. Scoirfear an fhoirm iarratais atá ann ina leith sin agus ní ghlacfar le hiarratais ar páipéar a bheith bailí a thuilleadh.

10. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbeidh foireann Scéim Deontais Oibreacha Éigeandála na Roinne fós ar fáil chun teagmháil a dhéanamh léi le haghaidh aon cheisteanna maidir le hoibriú na scéime agus, go háirithe, chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar aon cheisteanna práinneacha a bhaineann le hoibriú na scéime. Seo a leanas na sonraí teagmhála faoi láthair:
    *Fón: 057-932444*2 / 057-9324348

*Ríomhphost: [emergency_works@education.gov.ie](mailto:emergency_works@education.gov.ie)*

Tabharfar fógra faoi aon athruithe ar na sonraí sin ar an suíomh gréasáin ag an nasc thuas.

**Gary O' Doherty**
**Príomhoifigeach**
**Rannóg na dTionscadal Cineachta, an tAonad Pleanála agus Foirgníochta Scoile**
**23ú Meán Fómhair, 2020**

.....

## AGUISÍN A

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA IS INFHEIDHME MAIDIR LE
hIARRATAIS AR SCÉIM DEONTAIS OIBREACHA ÉIGEANDÁLA NA ROINNE

### 1. SCOILEANNA A CHUMHDAÍTEAR SA SCÉIM DEONTAIS OIBREACHA ÉIGEANDÁLA

Tá an Scéim oscailte do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna a bhfuil aitheantas buan acu agus iad ***i gcóiríocht nach bhfuil ar cíos***.

### 2. IARRATAS A DHÉANAMH AR OIBREACHA ÉIGEANDÁLA

Chun iarratas a dhéanamh ní mór do scoileanna an Fhoirm Iarratais ar Oibreacha Éigeandála ar líne a chomhlánú, atá ar fáil tríd an gcóras Esinet agus ag an nasc a leanas:
https://www.esinet.ie/portal/login.init.action

Tá 3 Chuid leis an bhFoirm sin:

**Cuid 1** : Faisnéis thábhachtach maidir leis an scéim, lena n-áirítear an fhoirm iarratais a chomhlánú agus a chur isteach

**Cuid 2** : Le comhlánú ag an údarás scoile atá ag déanamh iarratais ar mhaoiniú oibreacha éigeandála agus sínithe ag an gCathaoirleach, an Bord Bainistíochta nó an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i ngach réimse de réir mar is iomchuí.

**Cuid 3** : Le comhlánú ag sainchomhairleoir atá cáilithe go cuí chun tacú le hiarratas ar mhaoiniú oibreacha éigeandála.

**Míreanna éigeantacha le cur le d'iarratas nó i d'iarratas:**

- **Costas Iomlán na n-oibreacha beartaithe ina bhfuil tuairiscí, cainníochtaí agus rátaí lena n-áirítear CBL & Táillí (caithfidh an scoil í féin íoc as a tuarascáil tosaigh. Níor cheart an táille as an tuarascáil seo a ullmhú a áireamh sa chostas)**

- **Fianaise Ghrianghrafadóireachta: Tá fianaise Ghrianghrafadóireachta Ardtaifigh Mhionsonraithe den limistéar lena mbaineann éigeantach agus ní mór í a áireamh i dTuarascáil an Chomhairleora nuair is infheidhme mar atá mínithe in Aguisín B.**

- **Maidir le tionscadail chun cuimsiú agus rochtain daltaí agus/nó do bhaill foirne le riachtanais speisialta a éascú, tá an doiciméadacht tacaíochta mar atá mínithe in Aguisín C, éigeantach.**

## 3. Oibreacha a chuimsítear faoin Scéim (féach freisin faisnéis a chuirtear ar fáil san fhoirm iarratais)

Is é príomhchuspóir na Scéime Deontais Oibreacha Éigeandála foráil a dhéanamh d’éigeandálaí gan choinne a mbíonn tionchar acu ar fhoirgnimh scoile. Déanann sé é sin trína chinntiú go bhfuil maoiniú ar fáil d’oibreacha práinneacha do na scoileanna sin a bhfuil acmhainní de dhíth orthu de dheasca cás éigeandála. Ní mór do scoileanna a chinntiú go gcomhlíonann na hoibreacha a bhfuil maoiniú á lorg acu ina leith na critéir sin agus na critéir ábhartha eile go léir mar atá leagtha amach sa chiorclán seo agus ina aguisíní.

**I gcásanna ina bhfuil costais inghnóthaithe ó chomhlacht árachais ní mór don scoil a chomhaontú an méid aisghafa a aisíoc leis an Roinn.**

**Ba chóir go mbeadh árachas iomchuí ag gach scoil, lena n-áirítear árachas inneachair, i gcónaí.**

Caithfidh an t-údarás scoile ábhartha a chinntiú go gcuirtear córais phleanála agus chothabhála choisctheacha éifeachtacha i bhfeidhm ina scoil. Laghdóidh sé sin an riosca go dtarlóidh cásanna éigeandála a chuireann isteach ar áitreabh na scoile. Ba cheart go sainaithneofaí le cur chuige iomchuí maidir le tabhairt faoi chigireachtaí agus cothabháil rialta na saincheisteanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu, amhail lochtanna struchtúracha nó riocht díonta nó gnéithe dá gcineál atá ag dul in olcas go mór sula mbíonn siad ina gcúis le cás éigeandála.

Soláthraítear leis an scéim maoiniú freisin chun cuimsiú agus rochtain a éascú do dhaltaí le riachtanais speisialta nuair a fhaigheann siad foirm iarratais chláraithe ó dhalta agus/nó do bhaill foirne den sórt sin (mar atá leagtha amach in Aguisín C). Glacfar le hiarratas faoin scéim seo freisin ó scoileanna atá ag lorg maoinithe chun saoráidí a sholáthar chun rollú dalta le riachtanais speisialta a chumasú ar an scoil.

**Tá Eolas maidir le hOibreacha nach bhfuil cumhdaithe faoin Scéim seo le fáil sa Doiciméad maidir le Ceisteanna Coitianta ar Shuíomh Gréasáin na Roinne. Ba chóir a thabhairt faoi deara go n-áirítear orthu sin imeachtaí éigeandála a thagann chun cinn mar gheall ar dhroch-chothabháil.**

## 4. Próiseas iarratais ar Oibreacha Éigeandála

Ní mór iarratais ar mhaoiniú faoin scéim a dhéanamh trí Chóras Esinet na Roinne. Tá doiciméid maidir le Ceisteanna Coitianta ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ina leith sin agus is féidir teacht air sin ag:

https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/Building-Works/Emergency-Works/

Is doiciméad beo é an doiciméad seo agus déanfar é a nuashonrú go rialta.

## 5. Próiseas measúnaithe d'oibreacha éigeandála

Déanfar iarratais ar mhaoiniú faoin scéim a mheas ar bhonn na faisnéise atá sna codanna ábhartha den fhoirm iarratais, fianaise éigeantach ghrianghrafadóireachta ar na limistéir lena mbaineann agus, nuair is iomchuí, an doiciméadacht tacaíochta a iarrtar in Aguisín B thíos.

Beidh **5** chéim sa phróiseas measúnaithe

- An t-iarratas a bhailíochtú
- Cinneadh i dtaobh an bhfuil na hoibreacha fíor-riachtanach nó nach bhfuil nó an féidir gnáthchothabháil a dhéanamh orthu. *(Ní bhaineann an critéar sin le hiarratais ar mhaoiniú d'fhonn ionchuimsiú agus rochtain do dhaltaí a bhfuil riachtanas speisialta acu a éascú nuair a fhaightear foirm iarratais rollaithe ó dhalta agus/nó ó bhaill foirne den sórt sin. Caithfidh iarratais ina leith sin na critéir atá leagtha amach in Aguisín C thíos a chomhlíonadh)*
- Má tá na hoibreacha fíor-riachtanach (*nó má chomhlíonann siad na critéir iarratais maidir le maoiniú d'fhonn ionchuimsiú agus rochtain do dhaltaí agus/nó do bhaill foirne a bhfuil riachtanas speisialta acu a éascú mar atá leagtha amach in Aguisín C)* déanfar na costais atá beartaithe a mheas lena chinntiú go bhfuil siad cothrom agus réasúnta agus go léiríonn siad luach ar airgead.
- An t-iarratas a cheadú/a dhiúltú
- Leithdháileadh maoinithe do thionscadail cheadaithe

**Ní bhreithneofar achomhairc ach amháin má chuirtear isteach iad tríd an gcóras Esinet a leagtar amach thuas. Ní mór don <u>Údarás Scoile</u> iad a chur isteach agus ba cheart go mbeadh faisnéis ábhartha bhreise ann nár áiríodh san iarratas bunaidh.**

## 6. An gá le hoibreacha éigeandála a chinneadh

Beidh an cinneadh seo bunaithe ar an bhfianaise a chuir tuarascáil an Chomhairleora ar fáil, ar an bhfianaise ghrianghrafadóireachta (nuair is gá), agus ar an doiciméadacht tacaíochta a éilítear faoi Aguisín B agus C den chiorclán. Tá sé tábhachtach, mar sin, go léireoidh cáilíocht thuarascáil an Chomhairleora an riachtanas iomlán don tionscadal.

Éileoidh an Roinn comhaontú an údaráis scoile in Alt 2 den fhoirm iarratais go ndéanfaidh an Roinn nó a gníomhairí monatóireacht ar an tionscadal agus chun rochtain ar a háitribh agus a thaifid a cheadú, de réir mar is gá, chun na críche sin.

Ina theannta sin, tabharfaidh oifigigh ón Roinn cuairt ar roinnt scoileanna chun iarratais a chros-seiceáil maidir le riachtanas a chinneadh.

### 7. IARRATAIS A CHEADÚ/A DHIÚLTÚ

Caithfidh iarratais a bheith:

- **comhlánaithe go hiomlán**
- **sínithe ag Cathaoirleach, BB/POF**
- **sínithe agus stampáilte ag sainchomhairleoir cáilithe go cuí**
- **le tacaíocht ó dhoiciméadacht ábhartha**

murach sin measfar go bhfuil siad neamhbhailí.

Faomhfar iarratas bailí, más rud é:

- go dtaispeánann an t-iarratas go soiléir go bhfuil na hoibreacha fíor-riachtanach agus mura ndéantar iad go gcuirfeadh sé iallach ar an scoil, nó cuid di, dúnadh nó dalta a bhfuil riachtanas speisialta aige nó aici a chosc ó chlárú ar an scoil.

- Ní féidir/ní fhéadfaí tabhairt faoi na hoibreacha a theastaíonn mar ghnáthchothabháil.

- Níl na hoibreacha cumhdaithe le hárachas iomchuí – ba cheart fianaise air sin ón gcomhlachtárachais a chur isteach.

- Maidir le hiarratais ar mhaoiniú chun ionchuimsiú agus rochtain do dhaltaí le riachtanais speisialta a éascú nuair a fhaigheann siad foirm iarratais chláraithe ó dhalta agus/nó do bhaill foirne den sórt sin, comhlíonann sé na critéir atá leagtha amach in Aguisín C

### 8. CLÁRÚ LE SUÍOMH GRÉASÁIN FUINNIMH NA ROINNE

Beidh íocaíocht an deontais faoi réir scoileanna a chláraíonn ar shuíomh Gréasáin SEAI "Fuinneamh i nGnó, Faireachán agus Tuairisciú do Scoileanna" agus caithfidh siad é sin a dhéanamh sula n-íoctar cúnamh deontais. Is féidir le scoileanna clárú tríd an nasc a leanas a úsáid: https://www.seai.ie/energy-in-business/monitoring-and-reporting/for-schools/

## 9. Saincheisteanna teicniúla a bhaineann le hiarratais ar Oibreacha Éigeandála

Pléann Cuid 3 den fhoirm iarratais le saincheisteanna teicniúla agus is cuid ríthábhachtach den iarratas í.

**Ní mór** é sin a bheith comhlánaithe ag sainchomhairleoir le cáilíochtaí oiriúnacha agus ag a bhfuil **Árachas Slánaíochta Gairmiúla agus Árachas Dliteanas Fostóra.** Seachas sin, measfar go bhfuil an t-iarratas neamhbhailí. **Tá sé tábhachtach go mbeadh na cáilíochtaí iomchuí ag an sainchomhairleoir le haghaidh na n-oibreacha atá á mbreithniú toisc go measfar go bhfuil iarratas neamhbhailí mar thoradh ar úsáid sainchomhairleora nach bhfuil cáilithe go cuí.** Ba chóir do scoileanna cóipeanna de na hárachais agus na cáilíochtaí sin a choinneáil.

Féach: https://www.education.ie/en/School-Design/Appointment-of-Consultants/Guidance-on-Procuring-Consultants-for-Small-Works-3rd-Edition-Apr-2016.docx

Is faoin údarás scoile atá sé Sainchomhairleoir a cheapadh chun an fhoirm iarratais a chomhlánú agus ní mór don scoil aon táillí a éiríonn as sin a íoc.

**Níor cheart aon ghealltanas a thabhairt do chomhairleoir seachas an obair a bhaineann le Cuid 3 den fhoirm iarratais a chomhlánú.**

Eiseofar treoir maidir leis na nósanna imeachta chun tairiscintí a dhéanamh d'fhonn sainchomhairleoir a cheapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i gcrích na dtionscadal rathúil chuig scoileanna a bhfuil a n-iarratais ceadaithe.

**Ní mór** do thuarascáil an chomhairleora cloí go hiomlán le Doiciméid Treorach Theicniúla ábhartha na Roinne maidir le formáid agus ábhar (féach suíomh Gréasáin na Roinne).
**Ní mór** an doiciméadacht a bhfuil cur síos uirthi in Aguisín B a bheith i gceangal léi freisin.

Tá tuarascáil Comhairleora riachtanach d'fhonn:

- Diagnóis ghairmiúil ar chineál agus méid iomlán an tionscadail atá beartaithe.
- Riachtanas iomlán an tionscadail a fhíorú i gcoibhneas le tionchar an neamhchríochnaithe.
- Raon réiteach cost-éifeachtúil a sholáthar.
- Tosaíocht tionscadal a chumasú ar bhonn faisnéis oibiachtúil ghairmiúil.

Féach Aguisín B den Chiorclán seo chun treoir a fháil maidir le Sainchomhairleoir a cheapadh.

## 10. TAIFID TIONSCADAIL A CHOINNEÁIL CHUN CRÍOCHA SEICEÁIL CHOMHLÍONTA

- Caithfear gach taifead i ndáil le tionscadal a gceadaítear maoiniú dó a choinneáil ar feadh 7 mbliana.
- Forchoimeádann an Roinn an ceart seiceálacha/cigireachtaí comhlíonta a dhéanamh ar na taifid sin agus ar na hoibreacha a dhéantar. Maidir leis sin, roghnófar céatadán de thionscadail le haghaidh seiceálacha agus cigireachtaí mionsonraithe ar chomhlíonadh.
- Forchoimeádann an Roinn an ceart diúltú cúnamh deontais a íoc de bhun iarratais le faisnéis mhícheart nó i gcás nach raibh riarachán an tionscadail de réir threoirlínte na Roinne.

## 11. SONRAÍ DEONTAIS

Tá mionsonraí an deontais, lena n-áirítear cuid de na príomhchoinníollacha chun an deontas a tharraingt anuas, leagtha amach in Aguisín D. Leagfar amach tuilleadh riachtanas maidir leis an deontas a tharraingt anuas i scríbhinn má agus nuair a eisítear ceadú don deontas. Beidh na sonraí agus na riachtanais sin mar chuid de théarmaí agus coinníollacha na scéime freisin.

## 12. AN TACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE

Meabhraítear do dhaoine a shíníonn foirmeacha iarratais go bhféadfadh sé go mbeadh oibleagáid ar an Roinn aon fhaisnéis a sholáthraítear faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 a scaoileadh.

## 13. FÓGRA COSANTA SONRAÍ

Ar roinnt bheag uaireanta, b’fhéidir go mbeidh ar an Roinn Oideachais agus Scileanna sonraí pearsanta a fháil chun an próiseas iarratais a chur i gcrích. Pléifidh sí leis na sonraí pearsanta go léir a sholáthraíonn tú ar an bhfoirm seo faoi rún agus úsáidfidh sí í chun na críche atá beartaithe amháin. Is é an príomhchuspóir a éilíonn an Roinn na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú don Roinn chun faisnéis a bhailiú a bhaineann le hiarratas ar mhaoiniú chun ionchuimsiú agus rochtain a éascú do dhaltaí le riachtanais speisialta nuair a fhaigheann siad iarratas cláraithe ó dhalta den sórt sin agus/nó do bhaill foirne. Is féidir an fógra príobháideachta a thugann breac-chuntas ar bhreis faisnéise maidir leis an bhfoirm seo a fháil ag: https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/

Tá sonraí iomlána faoi bheartas cosanta sonraí na Roinne ina leagtar amach conas a úsáidfimid an dáta a bhaineann leis an iarratas chomh maith le faisnéis maidir le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ag [https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/](https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/)

Tá sonraí faoin mbeartas agus faoin bhfógra príobháideachta seo ar fáil i gcóip chrua freisin trí na sonraí teagmhála atá leagtha amach sa chiorclán seo agus arna iarraidh sin.

## AGUISÍN B.

Riachtanais Iarratais

- **Fianaise Ghrianghrafadóireachta.**

Soláthraigh cúig ghrianghraf uimhrithe, ar a laghad, do gach ceann de na pointí le hurchair a leanas; (lena n-áirítear trí sheat gar-amhairc ar a laghad & dhá radharc lánléargais seanbhunaithe.)

- ❖ An áit bheacht inar tharla an teip/briseadh síos ba chúis leis an éigeandáil.
- ❖ Aon réimsí eile d'fhoirgneamh na scoile a ndearnadh damáiste dóibh mar thoradh díreach ar an éigeandáil sin.
- ❖ Aon chuid den fhoirgneamh inar tharla oibreacha oscailte chun críocha imscrúdaithe mar thoradh díreach ar an Éigeandáil.

  **Tabhair faoi deara:** Caithfidh sainchomhairleoir trácht i scríbhinn a sholáthar do Gach Grianghraf.

Comhairle Ghairmiúil a Fhostú chun Tuarascáil Theicniúil a Ullmhú d'Iarratas ar Oibreacha Éigeandála

TÁBHACHTACH

NÍ MÓR AN COSTAS A BHAINEANN LE COMHAIRLE GHAIRMIÚIL A FHOSTÚ CHUN TUARASCÁIL THEICNIÚIL A ULLMHÚ A ÍOC GO HIOMLÁN Ó ACMHAINNÍ NA SCOILE FÉIN. MURA NDÉANTAR SAINCHOMHAIRLEOIR A FHÁIL SA DISCIPLÍN IOMCHUÍ NÓ SAINCHOMHAIRLEOIR A SHOLÁTHAR GAN ÁRACHAS SLÁNAÍOCHTA GAIRMIÚLA LEORDHÓTHANACH AGUS ÁRACHAS DLITEANAS FOSTÓRA, BEIDH IARRATAS NEAMHBHAILÍ ANN.

**Sula gceaptar Sainchomhairleoir:**

Féach Treoir na Roinne maidir le Sainchomhairleoirí a Fháil le haghaidh Oibreacha Beaga atá ar fáil ag https://www.education.ie/en/School-Design/Appointment-of-Consultants/Guidance-on-Procuring-Consultants-for-Small-Works-3rd-Edition-Apr-2016.doc

SAINCHOMHAIRLEOIRÍ CUÍ LE HAGHAIDH TUARASCÁLACHA TEICNIÚLA

Ba cheart d’Údarás na Scoile tagairt a dhéanamh don doiciméadacht a eisíodh leis an gCiorclán Roinne ábhartha chun comhairle a fháil maidir le raon feidhme na tuarascála teicniúla a theastaíonn.

Agus comhairle ghairmiúil á lorg aige chun tuarascáil a ullmhú, caithfidh an tÚdarás Scoile sainchomhairleoir oiriúnach (sainchomhairleoir aonair nó gnólacht comhairleachta) a roghnú don chineál oibre atá á mholadh. Féach Ceisteanna Coitianta  maidir le hIarratas ar Oibreacha Éigeandála.

Ní mór d’Údarás na Scoile an sainchomhairleoir ábhartha a cheapadh don tasc sin amháin.

Ní féidir le hÚdarás na Scoile aon ghealltanais a dhéanamh maidir le ceapachán foriomlán nó táillí le haghaidh oibreacha seachas ullmhú na tuarascála agus caithfidh sé é sin a chur in iúl don Sainchomhairleoir sula ndéanfar an ceapachán.

Nuair a ghlacann Údarás Scoile comhairle ghairmiúil chun cabhrú le hullmhú na tuarascála teicniúla tosaigh, caithfear an costas a íoc go hiomlán as acmhainní na scoile féin.

De ghnáth ní gá Próiseas Maoirseora Tionscadail (Dearadh) a cheapadh chun tuarascáil a ullmhú.

Caithfidh cáilíochtaí gairmiúla iomchuí, cumhdach árachais slánaíochta gairmiúla agus taithí roimhe sin a bheith ag an sainchomhairleoir i seirbhísí comhairliúcháin den chineál céanna.

I gcás cleachtais ildisciplíneacha, caithfidh príomhaí a bheith ag an ngnólacht (i.e. stiúrthóir nó comhpháirtí) a chomhlíonann na riachtanais cháilíochta don chatagóir oibre a ndéantar iarratas air.

Cuimsítear ar shuíomhanna gréasáin na gcomhlachtaí gairmiúla saoráidí cuardaigh chun stádas cáilíochta comhaltaí a sheiceáil, lena n-áirítear, i gcás ailtirí, suirbhéirí foirgneamh agus suirbhéirí cainníochta, a n-uimhir chlárúcháin. Seo a leanas na comhlachtaí gairmiúla ábhartha:

| | |
|---|---|
| Ailtirí | Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann |
| Suirbhéirí Foirgníochta | Cumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann |
| Suirbhéirí Cainníochta | Cumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann |
| Innealtóirí Seirbhísí Foirgníochta | Innealtóirí Éireann agus<br>Cumann Innealtóirí Comhairleacha na hÉireann |
| Innealtóirí Sibhialta/Struchtúracha | Innealtóirí Éireann agus Cumann Innealtóirí Comhairleacha na hÉireann |

Sa chás go bhfuil iarratais á ndéanamh ag Údaráis Scoile faoi scéim áirithe (e.g. Scéim Oibreacha Samhraidh nó Scéim Oibreacha Éigeandála) is riachtanas den phróiseas iarratais Tuarascáil Theicniúil a áireamh leis an iarratas.

Ní mór gur táille cnapshuime (ex CBL) an táille don Tuarascáil Theicniúil. Ciallaíonn táille cnapshuime praghas seasta in Euro.

Ní mór tuarascáil theicniúil a chur isteach leis an iarratas mar gur ceanglas fíor-riachtanach den phróiseas iarratais é.

Ceanglaítear ar Údarás na Scoile:

- 5 luachan ar a laghad a iarraidh i scríbhinn nó trí r-phost (ó shainchomhairleoirí oiriúnacha , féach 1.5) ionas go bhfaighfear 3 luachan i scríbhinn ar a laghad. Is gá teagmháil a dhéanamh le sainchomhairleoirí ionchasacha chun a spéis i dtairiscintí a dhéanamh amach sula n-iarrfar luachana chun a chinntiú go bhfaighfear trí luachan iomaíocha ar a laghad
- Aon sainchomhairleoir (atá cáilithe sa disciplín cuí) a léirigh spéis i dtairiscint a chur isteach ar an tionscadal a bhreithniú (e.g. trí litir a scríobh nó ríomhphost a chur chuig an scoil), agus sa chás go gcomhlíonann an sainchomhairleoir sin an t-íoschaighdeán a theastaíonn, caithfear an sainchomhairleoir sin a áireamh ar liosta na ngnólachtaí a bhfuil luachana le fáil uathu. (Níl aon uasteorainn ar líon na Sainchomhairleoirí a gceadaítear dóibh luachana a chur isteach.)

- Tabhair tréimhse réasúnta chun luachana a chur isteach. Go ginearálta ba chóir 7 - 10 lá oibre ar a laghad a thabhairt chun am a cheadú chun cuairt a thabhairt ar an láithreán agus an tuarascáil a ullmhú (i gcás oibreacha éigeandála b’fhéidir go mbeidh sé riachtanach tréimhse níos giorra a chomhaontú leis na sainchomhairleoirí tairisceana).

Go ginearálta is é sainchomhairleoir amháin, le cáilíochtaí atá oiriúnach do phríomhchuid na hoibre atá á moladh (féach 1.5), a dteastaíonn chun tuarascáil a ullmhú. Mar sin féin, sa chás go bhfuil na hoibreacha atá beartaithe casta ó thaobh a gcineáil b’fhéidir go mbeadh ar an sainchomhairleoir tairisceana saineolas breise a cheannach lasmuigh dá réimse inniúlachta féin, e.g. tionscadal athsholáthair dín ina bhfuil damáiste déanta do sheirbhísí leictreacha nó meicniúla an fhoirgnimh, beidh an saineolas Innealtóra Seirbhísí Foirgníochta ag teastáil ó ailtire d’fhonn an tuarascáil a

chomhlánú agus ba cheart é sin a áireamh sa chnapshuim. Is ceist don chomhairleoir tairisceana é saineolas breise a cheannach isteach, más gá.

> Chun an conradh a dhámhachtain le tuarascáil a ullmhú ba chóir don Údarás Scoile gach tairiscint a fhaightear a scrúdú ar dtús. Go ginearálta, ba cheart an conradh a dhámhachtain don tairgeoir a chuir an praghas is ísle isteach má tá an tÚdarás Scoile sásta go gcomhlíonann an tairgeoir na híoschaighdeáin a leanas:
>
> - tá sé nó sí cáilithe i gceart,
> - tá taithí aige nó aici ar thionscadail den chineál céanna,
> - tá aghaidh tugtha aige nó aici ar an ngá, nó a mhalairt, le saineolas breise a cheannach isteach agus
> - Tá achoimre ghairid tugtha aige nó aici ar an tseirbhís atá le soláthar don tsuim tairisceana.
>
> Níor chóir an tairgeoir is ísle a sheachaint ach amháin i gcásanna nár soláthraíodh ach beagán nó gan aon fhaisnéis chun aghaidh a thabhairt ar na pointí thuas.
>
> I gcás gur thairg níos mó ná sainchomhairleoir amháin na praghsanna is ísle comhionanna, ba cheart an conradh a dhámhachtain don tairgeoir a sháraíonn an chuid is mó de na híoschaighdeáin.
>
> Má tá gnólacht comhairleachta á bhreithniú lena cheapadh, ba cheart don Údarás Scoile dearbhú a lorg freisin maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla, Árachas Slánaíochta Gairmiúla agus Árachas Dliteanais Fostóra. Féach freisin oiriúnacht an tairgeora roghnaithe a bhailíochtú
>
> Má chuireann níos lú ná 5 ghnólacht tairiscintí isteach, níor cheart don Údarás Conarthach dul ar aghaidh le dámhachtain ach amháin má mheasann sé go raibh iomaíocht dháiríre ann agus gur luach ar airgead an tairiscint atá á meas lena glacadh.

Ní theastaíonn conradh foirmiúil le haghaidh tuarascáil theicniúil (mar atá thuas). Is leor litir cheapacháin shimplí ina dtugtar achoimre ar raon feidhme aontaithe na hoibre. Ba cheart leibhéal na táille (in Euro, ní %) a dhearbhú sa litir cheapacháin agus ba cheart go mbainfeadh sé le hullmhú na tuarascála sin amháin.

Ní cheanglaítear ré aithrí roimh dhámhachtain an chonartha.

Le teann dea-bhéasa ba chóir r-phost a sheoladh chuig na tairgeoirí nár éirigh leo ag míniú go hachomair cén fáth nár dámhadh an conradh orthu (e.g. níorbh é do thairiscint an praghas is ísle, nó, níor chomhlíon tú na riachtanais cháilíochta, nó, cé go raibh do thairiscint i gcomhpháirt is ísle le tairgeoir eile nach raibh do thaithí ar thionscadail chomhchosúla chomh leathan leis an tairgeoir rathúil/níor thug tú aghaidh ar an ngá le seirbhísí eile a cheannach / níor thug tú achoimre ghairid ar an tseirbhís atá le soláthar).

Má tá an fhéidearthacht ann go bhféadfadh leas a bheith ann ó dhlínse eile (e.g. Tuaisceart Éireann) tá sé tábhachtach a chinntiú go gcomhlíontar prionsabail na Trédhearcachta agus an Neamh-Idirdhealaithe faoi Chonradh na Róimhe.

Ná déan aon ghealltanas maidir le táille fhoriomlán as na hoibreacha feabhais. Cuir in iúl go soiléir don Sainchomhairleoir gur le haghaidh ullmhú na Tuarascála amháin atá an ceapachán agus **nach ionann sin agus go bhfuil an Sainchomhairleoir i dteideal** a cheaptha chun na hoibreacha a dhéanamh má éiríonn leis an iarratas.

## AGUISÍN C.

**TIONSCADAIL CHUN IONCHUIMSIÚ AGUS ROCHTAIN A ÉASCÚ DO DHALTAÍ NÓ DO BHAILL FOIRNE A BHFUIL RIACHTANAS SPEISIALTA ACU**

Teastaíonn an fhianaise tacaíochta a leanas, i dteannta na faisnéise a éilítear san fhoirm Iarratais ar Oibreacha Éigeandála, maidir le hiarratais ar thionscadail chun ionchuimsiú agus rochtain do dhaltaí riachtanas speisialta agus/nó do bhaill foirne a éascú.

- Tuarascáil Teiripeora Saothair don leanbh nó don bhall foirne ag imlíniú na nithe a leanas:
    - Cineál & méid an riachtanais speisialta
    - Conas a d'fhéadfaí an chóiríocht atá ann cheana a athrú chun freastal ar an dalta nó ar an mball foirne
    - I gcás dalta nó ball foirne nach bhfuil ag freastal ar an scoil go fóill, a dheimhniú go bhfuil sé beartaithe tosú ar an scoil agus an dáta tosaithe atá beartaithe. Is chun críche an iarratais amháin a úsáidfear an fhaisnéis sin.

- Maidir le dearadh áiseanna sláintíochta Bunscoile & Iarbhunscoile leagtar amach an t-íoschaighdeán i nDoiciméid Treorach Theicniúla um Rialacháin Foirgníochta reatha de chuid na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (RCPRÁ). Le haghaidh tuilleadh ceanglas maidir le háiseanna sláintíochta do Bhunscoileanna agus Iarbhhunscoileanna féach ar DTT ROS - 021-2 & DTT-021-3.

- Líníochtaí de réir scála:
    - den scoil atá ann
    - de na hoibreacha beartaithe

- Miondealú mionsonraithe ar an gcostas measta

- Deimhniú ar an soláthar CRS don scoil ina hiomláine agus don leanbh

**AGUISÍN D.**

<u>TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA INFHEIDHME MAIDIR LE MAOINIÚ A ÍOC FAOI SCÉIM DEONTAIS OIBREACHA ÉIGEANDÁLA NA ROINNE INA NDEONAÍTEAR MAOINIÚ</u>

1. AN MÉID A CHEADÓFAR

Beidh an deontas iníoctha ag an Roinn (CBL agus táillí san áireamh) **cibé acu is lú díobh seo a leanas**:

- Méid na cabhrach deontais arna cheadú ag an Roinn ina litir cheadaithe

  **nó**

- An méid tairisceana bailí is ísle don tionscadal beartaithe móide táillí.

2. EASNAMH MAOINITHE

Má tá easnamh sa mhaoiniú, is iad a leanas na roghanna atá ar fáil d'údaráis bhainistíochta scoile:

- Raon feidhme na n-oibreacha a laghdú chun fanacht laistigh de theorainn an deontais.
- I gcás bunscoileanna, úsáid a bhaint as cistí arna leithdháileadh ag an Roinn faoi théarmaí na Scéime Deontais le haghaidh Mionoibreacha chun deontas na Scéime Oibreacha Éigeandála a fhorlíonadh ar choinníoll nach dteastaíonn a leithéid de chistí le haghaidh oibreacha níos práinní agus láithrí agus go gcomhlíonfaidh siad riachtanais na Scéime Deontais le haghaidh Mionoibreacha ar bhealach eile.
- Iarmhéid na n-oibreacha a mhaoiniú óna gcuid acmhainní féin.

3. CAD A CHUMHDAÍTEAR LEIS AN DEONTAS

Tá sé i gceist go gclúdóidh an deontas costas caipitil an tionscadail lena n-áirítear CBL, muirir phleanála ghaolmhara, táillí uile sainchomhairleoirí a thabhaítear i ndearadh agus i dtógáil an tionscadail, na táillí go léir do Phróiseas Dearaidh an Mhaoirseora Tionscadail (PDMT) agus na táillí uile do Chéim Tógála an Mhaoirseora Tionscadail (CTMT).

**TABHAIR FAOI DEARA, I gCÁS GO DTUGTAR CEADÚ DEONTAIS, GUR COINNÍOLL É GO gCUIRTEAR TUARASCÁIL TAIRISCEANA AR FÁIL DON ROINN LAISTIGH DE 12 MHÍ Ó DHÁTA AN CHEADAITHE DEONTAIS (.I. AN DÁTA AR A N-EISÍTEAR LITIR CHEADAITHE).**

4. ÍOCAÍOCHT AN DEONTAIS

Beidh an chéad íocaíocht le haghaidh 85% de dhliteanas na Roinne agus íocfar í nuair a gheofar an deimhniú i scríbhinn ón údarás scoile mar a leanas:

**An chéad tráthchuid**

Nuair a bheidh na hoibreacha tosaithe ar an láithreán **féadfaidh údarás na scoile an chéad tráthchuid deontais a tharraingt anuas faoi réir dearbhú gur comhlíonadh gach ceann de na pointí thíos** (1 go 12 go huile, 1 agus 12 san áireamh) de réir na dtreoirlínte arna soláthar ag an Roinn. Nuair is gá dearbhú ó do shainchomhairleoir gur tugadh aghaidh ar shaincheist ba chóir don sainchomhairleoir é sin a sholáthar i scríbhinn agus ba cheart an deimhniú sin i scríbhinn a chur ar aghaidh chuig an Roinn.

**Caithfear aghaidh a thabhairt ar gach pointe thíos chun go bhféadfar íocaíocht a dhéanamh.**

1. Tuigeann údarás na scoile a dhualgas dlíthiúil PDMT inniúil a cheapadh agus tá céimeanna réasúnacha glactha aige chun é féin a shásamh maidir le hinniúlacht PDMT
2. Deimhniú go ndearnadh an próiseas tairisceana agus an dámhachtain conartha chun Sainchomhairleoir a cheapadh de réir Threoir na Roinne maidir le Sainchomhairleoirí a Sholáthar le haghaidh Oibreacha Beaga.
3. Dearbhú gur ceapadh Deimhnitheoir Sannta i gcás ina bhfuil feidhm ag na Rialacháin Rialaithe Foirgníochta (Leasú) 2014 maidir leis an tionscadal.
4. Dearbhú go bhfuil an méid a leanas déanta ag an mBord Bainistíochta:
    4.1. Tá sé cláraithe ar líne le haghaidh an CIL (Chórais Ioncaim Ar Líne)
    4.2. Tá sé cláraithe le haghaidh CBL agus mar Phríomhchonraitheoir
    4.3. Tá uimhir thagartha cánach an chonraitheora agus cruthúnas céannachta faighte aige
    4.4. Sula dtosaíodh ar an tógáil, cuireadh na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoin gconradh (Fógra Conartha)
5. Tá PDMT ceaptha, tá an ceapachán deimhnithe i scríbhinn ag an gCliant, agus cuireadh sin in iúl don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta trí úsáid a bhaint as an bhfoirm ÚSS AF1.
6. Tá an comhad sábháilteachta seiceáilte ag PDMT agus tá an gníomh iomchuí déanta aige maidir le hAispeist.
7. D'ullmhaigh PDMT Réamhphlean Sábháilteachta agus Sláinte agus cuireadh ar fáil é do thairgeoirí mar chuid de na doiciméid tairisceana.
8. Ní mór **d'<u>Údarás na scoile</u>** luach airgeadaíochta chostas **<u>iomlán</u>** na n-oibreacha tógála a dhearbhú, lena n-áirítear táillí agus CBL.
9. Tá na hoibreacha a rinneadh de réir raon feidhme na n-oibreacha ar ceadaíodh an deontas ina leith.

10. Rinneadh an próiseas tairisceana agus an dámhachtain conartha de réir Dhoiciméad Treorach Teicniúil na Roinne TGD007 agus rinneadh an conradh a dhámhachtain ar an tairgeoir bailí is ísle. Murar dámhadh an conradh ar an tairgeoir bailí is ísle caithfear fianaise ar chomhairliúchán agus ceadú ón Aonad Pleanála agus Foirgníochta a sholáthar.
11. Rinne an t-údarás scoile conradh le haghaidh na n-oibreacha beartaithe leis an gconraitheoir rathúil agus tá an conraitheoir ar an láthair agus tá tús curtha leis na hoibreacha.
12. Sa chás go bhfuil feidhm ag na Rialacháin Rialaithe Foirgníochta (Leasú) 2014 maidir leis an tionscadal, dearbhaigh an méid a leanas:
    - 12.1. Gur ceapadh Deimhnitheoir Sannta
    - 12.2. Gur ullmhaíodh réamhphlean cigireachta
    - 12.3. Cuireadh an doiciméadacht ar líne a cuireadh faoi bhráid an Údaráis Rialaithe Foirgníochta faoi cheangal ag an gCód Cleachtais chun Cigireacht a dhéanamh ar Fhoirgnimh agus Oibreacha agus iad a Dheimhniú ag an gcéim thosaithe.
13. Deimhníonn údarás na scoile gur cuireadh i bhfeidhm seirbhísiú na chéad bliana ar na córais sin i gcás Aláraim Dóiteáin agus/nó Córas Soilsithe Éigeandála.
14. Deimhníonn Údarás na Scoile gur chláraigh siad ar shuíomh gréasáin SEAI agus go bhfuil siad tiomanta na tuairisceáin chuí a dhéanamh.

**An dara tráthchuid (deiridh)**

Beidh an dara tráthchuid agus an tráthchuid deiridh ann don 15% eile atá fágtha de dhliteanas na Roinne agus íocfar í nuair a bheidh na hoibreacha nach mór críochnaithe, 'críochnú substaintiúil' agus nuair a chuirfidh an t-údarás scoile na doiciméid a leanas isteach:-

- Cóip de na doiciméid atá liostaithe ag 1, 2 & 3.1 thíos
- Daingniú ó PDMT ar phointe uimh. 5 thíos
- Litir chlúdaigh ón **údarás scoile** lena ndearbhaítear na pointí eile go léir.

**Ní mór aghaidh a thabhairt ar gach pointe chun go bhféadfar íocaíocht a dhéanamh.**

1. Cóip den "Deimhniú um Chríochnú Substaintiúil" ón Sainchomhairleoir.
2. Cóip de *"Thuairim ar Chomhlíonadh"* an tSainchomhairleora maidir leis an bhforbairt ábhartha le cead pleanála agus/nó díolúine ó rialú pleanála.
3. Sa chás go bhfuil feidhm ag na Rialacháin Rialaithe Foirgníochta (Leasú) 2014, cóip den mhéid a leanas:
    - 3.1. An Deimhniú Comhlíonta ar Chríochnú arna shíniú ag an Tógálaí (ag Cuid A) agus ag an Deimhnitheoir Sannta (ag Cuid B).
    - 3.2. Tá dearbhú gur taisceadh an deimhniú thuas agus na pleananna, ríomhanna, sonraíochtaí agus sonraí riachtanacha go léir a thaispeánann conas a chomhlíon an foirgneamh críochnaithe na Rialacháin Foirgníochta leis an Údarás Rialaithe Foirgníochta ar an gCóras Bainistíochta Rialaithe Foirgníochta.

    3.3. Dearbhú gur taisceadh an Plean Cigireachta mar atá curtha chun feidhme ag an Deimhnitheoir Sannta leis an Údarás Rialaithe Foirgníochta.

4. Ní mór d'**<u>Údarás na scoile</u>** luach airgeadaíochta chostas deiridh **<u>foriomlán</u>** na n-oibreacha tógála a dhearbhú, lena n-áirítear táillí agus CBL (seachas TFC & Troscán)
5. Dearbhú ó PDMT gur ullmhaíodh agus gur eisíodh an Comhad Sábháilteachta chuig Údarás na Scoile.
6. Ní mór d'**Údarás na scoile** an méid a leanas a dhearbhú:
    6.1. Sular ndéantar aon íocaíocht leis an gconraitheoir, chuir sé na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoin íocaíocht (Fógra Íocaíochta)
    6.2. Go bhfuair sé Údarúchán Asbhainte ó na Coimisinéirí Ioncaim ina sonraítear an cháin atá le baint den chonraitheoir
    6.3. Chuir sé cóip den Údarúchán asbhainte ar fáil don chonraitheoir
    6.4. Go ndearna sé an méid cánach is infheidhme a asbhaint ó íocaíochtaí atá dlite don chonraitheoir
    6.5. Tá tuairisceáin Cháin Conarthaí Iomchuí (CCI) comhdaithe agus íocadh an méid asbhainte leis na Coimisinéirí Ioncaim
    6.6. Comhdaíodh tuairisceáin CBL mhíosúla agus íocadh an CBL leis na Coimisinéirí Ioncaim
    6.7. Fuarthas agus coinníodh Achoimre Asbhainte – Tuairisceán Tréimhsiúil ag deireadh gach tréimhse thuairisceáin
7. Deimhniú i scríbhinn ó **údarás na scoile** go gcoinneofar ar a laghad 50% den ráta céatadáin coinneála comhaontaithe de shuim an chonartha ar feadh tréimhse 12 mhí tar éis na hoibreacha a bheith críochnaithe agus go dtí go ndéanfar an ceartú riachtanach ar aon lochtanna foirgnimh a d'fhéadfadh a bheith soiléir le linn na tréimhse sin, agus nach gcaithfear an tsuim choinneála chun aon chríche eile.
8. Dearbhú go bhfuair **údarás na scoile** cóipeanna de na líníochtaí agus na doiciméid ábhartha go léir ón Sainchomhairleoir, más féidir i bhformáid leictreonach iomchuí, mar aon le deimhniú ón sainchomhairleoir go bhfuil na hoibreacha críochnaithe de réir na líníochtaí agus na ndoiciméad sin.

# Aguisín E.

# LEASUITHE MAIDIR LEIS AN gCIORCLÁN ROIMHE SEO

1. **Cuirtear tús anois leis an bpróiseas Iarratais ar Oibreacha Éigeandála trí phróiseas iarratais ar líne ag baint úsáide as tairseach Esinet.**

2. **Míreanna éigeantacha lena gcur san áireamh i d'iarratas:**

Costas Iomlán na n-oibreacha atá beartaithe ina bhfuil tuairiscí ar chainníochtaí agus rátaí lena n-áirítear CBL & táillí. *(Mar is gnách, caithfidh an scoil í féin íoc as a tuarascáil tosaigh. Níor cheart an táille as an tuarascáil sin a ullmhú a áireamh sa chostas.)*
*Fianaise Ghrianghrafadóireachta*: Tá fianaise ghrianghrafadóireachta ardréitigh mhionsonraithe éigeantach agus caithfear í a áireamh le Tuarascáil an Chomhairleora nuair is infheidhme mar atá mínithe in Aguisín B (féach tuilleadh faoi mhír 13 thíos). Maidir le tionscadail chun cuimsiú agus rochtain daltaí le riachtanais speisialta agus/nó do bhaill foirne a éascú, tá doiciméadacht tacaíochta mar atá mínithe in Aguisín C, éigeantach.

3. **Éilítear Fianaise Ghrianghrafadóireachta a sholáthar i bhformáid dhifriúil.**

Soláthraigh cúig ghrianghraf uimhrithe, ar a laghad do gach ceann de na pointí le hurchair a leanas; (lena n-áirítear trí sheat gar-amhairc ar a laghad & dhá radharc lánléargais seanbhunaithe.)

- An áit bheacht inar tharla an teip/briseadh síos ba chúis leis an éigeandáil.
- Aon réimsí eile d'fhoirgneamh na scoile a ndearnadh damáiste dóibh mar thoradh díreach ar an éigeandáil sin.
- Aon chuid den fhoirgneamh inar tharla oibreacha oscailte chun críocha imscrúdaithe mar thoradh díreach ar an Éigeandáil.

  **Tabhair faoi deara:** Caithfidh sainchomhairleoir trácht i scríbhinn a sholáthar do Gach Grianghraf.

4. **I gcásanna ina bhfuil costais inghnóthaithe ó chomhlacht árachais ní mór don scoil a chomhaontú an méid aisghafa a aisíoc leis an Roinn. Ba chóir go mbeadh árachas iomchuí ag gach scoil, lena n-áirítear árachas inneachair, i gcónaí.**

5. **Tá Eolas maidir le hOibreacha nach bhfuil cumhdaithe faoin Scéim seo le fáil sa Doiciméad maidir le Ceisteanna Coitianta ar Shuíomh Gréasáin na Roinne. Ba chóir a thabhairt faoi deara go n-áirítear orthu sin imeachtaí éigeandála a thagann chun cinn mar gheall ar dhroch-chothabháil.**

6. **Próiseas measúnaithe d'oibreacha éigeandála**

   Beidh 5 chéim sa phróiseas measúnaithe:

   - An t-iarratas a bhailíochtú.
   - Cinneadh i dtaobh an bhfuil na hoibreacha fíor-riachtanach nó nach bhfuil nó an féidir gnáthchothabháil a dhéanamh orthu.
   - Má tá na hoibreacha fíor-riachtanach measúnófar na costais atá beartaithe lena chinntiú go bhfuil siad cóir agus réasúnach agus go léiríonn siad luach ar airgead.
   - Leithdháileadh maoinithe do thionscadail cheadaithe.
   - An t-iarratas a cheadú/a dhiúltú.

7. **Iarratais a cheadú/a dhiúltú**

   Caithfidh iarratais a bheith:
   - comhlánaithe go hiomlán
   - sínithe ag Cathaoirleach, BB/POF
   - sínithe agus stampáilte ag sainchomhairleoir cáilithe go cuí
   - le tacaíocht ó dhoiciméadacht ábhartha

8. **Ní bhreithneofar achomhairc ach amháin má chuirtear isteach iad trí chóras Esinet. Ní mór don Údarás Scoile iad a chur isteach agus ba cheart go mbeadh faisnéis ábhartha bhreise ann nár áiríodh san iarratas bunaidh.**

## 9. Saincheisteanna teicniúla a bhaineann le hiarratais ar Oibreacha Éigeandála

Teastaíonn grianghraif bhreise anois mar a leanas:
*Soláthraigh cúig ghrianghraf uimhrithe, ar a laghad do gach ceann de na pointí le hurchair a leanas;*
*(lena n-áirítear trí sheat gar-amhairc ar a laghad & dhá radharc lánléargais seanbhunaithe.)*

- *An áit bheacht inar tharla an teip/briseadh síos ba chúis leis an éigeandáil.*
- *Aon réimsí eile d'fhoirgneamh na scoile a ndearnadh damáiste dóibh mar thoradh díreach ar an éigeandáil sin.*
- *Aon chuid den fhoirgneamh inar tharla oibreacha oscailte chun críocha imscrúdaithe mar thoradh díreach ar an Éigeandáil.*

**Tabhair faoi deara:** *Caithfidh sainchomhairleoir trácht i scríbhinn a sholáthar do gach grianghraf.*

***Éileoidh an próiseas iarratais ar líne freisin go ndéanfar miondealú garbh ar chostais eiliminteacha a sholáthar. Ní mór tuairisc ar mhír na hoibre, an chainníocht agus an ráta as a dtiocfaidh costas foriomlán gach eilimint ar leith a cheadú chun anailís chostais níos mionsonraithe agus níos tairbhí a dhéanamh.***

## 10. Clárú le Suíomh Gréasáin Fuinnimh na Roinne

Beidh íocaíocht an deontais faoi réir scoileanna a chláraíonn ar shuíomh gréasáin SEAI "Fuinneamh i nGnó, Monatóireacht agus Tuairisciú do Scoileanna" agus ní mór dóibh é sin a dhéanamh sula n-íocfar cúnamh deontais. Is féidir le scoileanna clárú tríd an nasc a leanas a úsáid: https://www.seai.ie/energy-in-business/monitoring-and-reporting/for-schools/

## 11. Taifid tionscadail a choinneáil chun críocha seiceála comhlíonta

- Caithfear gach taifead i ndáil le tionscadal a gceadaítear maoiniú ina leith a choinneáil ar feadh 7 mbliana.
- Forchoimeádann an Roinn an ceart seiceálacha comhlíonta/cigireachtaí a dhéanamh ar na taifid sin agus ar na hoibreacha a dhéantar. Maidir leis sin, roghnófar céatadán de thionscadail le haghaidh seiceálacha agus cigireachtaí mionsonraithe ar chomhlíonadh.
- Forchoimeádann an Roinn an ceart diúltú cúnamh deontais a íoc de bhun iarratais le faisnéis mhícheart nó i gcás nach raibh riarachán an tionscadail de réir threoirlínte na Roinne.

**12. Sainchomhairleoir**

Ní mór do Shainchomhairleoir atá cáilithe go cuí agus Árachas Slánaíochta Gairmiúla agus Árachas Dliteanas Fostóra an t-iarratas a chomhlánú. Níor cheart aon ghealltanas a thabhairt do shainchomhairleoir seachas an obair a bhaineann leis an gcuid ábhartha (Roinn 3) den fhoirm iarratais a chomhlánú.

**13. Sainchomhairleoirí a Sholáthar le haghaidh Tuarascálacha Teicniúla**

Eiseofar treoirlínte maidir leis an nós imeachta chun tairiscintí a dhéanamh d'fhonn Sainchomhairleoir a cheapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i gcrích na dtionscadal rathúil chuig scoileanna a bhfuil a n-iarratais ceadaithe.

Caithfidh tuarascáil an tSainchomhairleora cloí go hiomlán le Doiciméid Treorach Theicniúla ábhartha na Roinne maidir le formáid agus ábhar. Ní mór freisin an doiciméadacht a leagtar amach in Aguisín B a bheith i gceangal leis.

**14. Ar mhaithe le hiomláine, tá faisnéis bhreise a theastaíonn cheana féin mar chuid den scéim san áireamh anois sna haguisíní a ghabhann leis an gciorclán seo.**

Áirítear orthu sin go háirithe:

***a. Tionscadail chun ionchuimsiú agus rochtain a éascú do dhaltaí nó do bhaill foirne le riachtanais speisialta***

Mar atá leagtha amach in Aguisín C.

***b. Ceanglais tarraingthe anuas***

Mar atá leagtha amach in Aguisín D.

***c. Costais tionscadail a chumhdaítear leis an deontas (mar atá leagtha amach in Aguisín B)***

Tá sé i gceist go gclúdóidh an deontas costas caipitil an tionscadail lena n-áirítear CBL, muirir phleanála ghaolmhara, táillí uile comhairleoirí a thabhaítear i ndearadh agus i dtógáil an tionscadail, na táillí go léir don Phróiseas Dearaidh Maoirseora Tionscadail (PDMT), agus na táillí go léir don Céim Thógála Maoirseora Tionscadail (CTMT).

**Tabhair faoi deara, i gcás go dtugtar ceadú deontais, gur coinníoll é go gcuirtear tuarascáil ar thairiscint ar fáil don roinn laistigh de 12 mhí ó dháta an cheadaithe deontais (.i. an dáta a eisítear litir cheadaithe).**